

Ábhar Scoile: Roghnú, Athrú Leibhéalta agus eirí as.

Cuspóir:

Tugann an pholasáí seo cur síos ar na nósanna scoile atá i gColáiste Daibhéid maidir le rogha na n-ábhair sa Teastas Shóisearaigh, san Idirbhliain agus San Ardeist. Ina theannta sin déanann sé soiléiriú ar chóras na scoile maidir le athrú leibhéalta agus na céimeanna le tógaint ag dalta i mbliain 6 agus é/í ag iarraidh éirí as ábhair. Cuireann sé i bhfocail an modus operandii laethúil atá i bhfeidhm sa scoil le fada an lae.

Córas na Scoile:

Teastas Sóisearach:

Roghnú: Sa chéad bhliain bíonn rogha ag daltaí idir Ceol nó Gnó, agus idir Eacnamaíocht Bhaile, Ealaín agus Líníocht Grafaic. Chun an rogha a dhéanamh i gceart faigheann daltaí eolas i rith na cuairteanna scoile, ar an lá oscailte agus tugtar leabhrán do thuismitheoirí ar an lá Indochtú scoile. Luaitear é chomh maith ag na coinnithe san Earrach. Chun cuidiú leis an rogha bíonn idir trí nó ceithre nó cúig seachtain ag na daltaí chun na h-ábhair ar fad a bhlaiseadh. Sa seachtain dheirneach ansin roimh Briseadh Théarma na Samhna roghnaítear na h-ábhair roghnach. Tá foirm faoi leith ann do seo.

Leibhéalta: Bíonn deis ag gach dalta an t-Ard leibhéal a dhéanamh chomh fhada agus gur féidir. Mar nós scoile ní cheart do dhalta an ghnáth-leibhéal a roghnú go dtí an tríú bhliain i ndiaidh scrúduithe na Samhna. Sa chás nach bhfuil leibhéalta athruithe ag an bpointe seo 'sé i ndiaidh na réamhscrúduithe (Feabhra) a bheidh an chéad deis eile chun leibhéalta a a athrú. Tá foirm faoi leith do seo. (c.f. Appendix)

Bíonn dáta i mí na Márta mar sprioc d'athrú intinne. I ndiaidh foirm na Roinne Oideachais a bheith sínithe agus seolta ar ais go dtí an Roinn ní féidir leis an scoil ná leis an dalta leibhéalta a athrú. Go deimhin de ní féidir le dalta leibhéal a athrú ar lá na scrúduithe. (c.f. Dialann Scoile lch9)

Éirí as ábhar: Níl cead ag dalta Teastas Shóisearaigh éirí as ábhair ar bith ach amháin OCG agus Creideamh, agus ansin ar chúiseanna chreidiúint amháin. Ach amháin go bhfuil tuismitheoir nó caomhnóir sásta teacht agus aire a thabhairt don dalta áirithe ní bheidh an scoil in ann an dalta a thógaint ó rang i rith na tréimhse sin.

Idirbhliain:

San Idirbhliain déanann gach dalta na h-ábhair ar fad. Ranganna meascáithe ó thaobh chumais de a bhíonn ann. Tugtar eolas dos na ndaltaí agus na tuismitheoirí sa thríú bhliain faoin idirbhliain, curaclam, cuspóirí agus cur chuige de. Tá leabhrán faoi leith ann do seo, leagan do dhaltaí agus leagan dhá theangach do thuismitheoirí. Tá deis curtha ar fáil san Idirbhliain do dhaltaí aon laige a bhíonn acu in ábhair a dheisiú agus a cheartú. Sa tslí seo d'fhéadfadh duine

a dhein gnáth-leibhéal sa 3ú bhliain iarracht a dhéanamh an t-Ardleibhéal a thriall sa chúigiú bhliain.

ArdTeist:

Roghnú: Tosnaíonn roghnú na n-ábhair le seisiúin eolais i rith an earraigh roimhe. Tá leabhrán curtha ar fáil do thuismitheoirí agus dos na ndaltaí. Ansin cuirtear ceist ar na ndaltaí a rogha ábhair a phiocadh agus liosta neamhspléach tugtha dóibh. Bunaithe ar an éileamh, uaireanta mhuinteoireachta, acmhainní agus ur uile roinntear na n-ábhair ina trí ghrúpa. Ansin tugtar deis eile dos na ndaltaí a rogha a dhéanamh. Caithfidh gach dalta 7 n-ábhair a roghnú chun a bheith cláraithe i gColaiste Daibhéid. Bíonn deis ag daltaí ar fad an CGO (LCVP) a dhéanamh sa chúigiú bhliain agus ag daltaí atá cáilithe é a dhéanamh sa séú bhliain. Is ábhar breise í an CGO (LCVP).

Leibhéalta: Agus leibhéal roghnaithe ag dalta caithfidh sé nó sí fanachta go dtí go bhfuil fianaise/torthaí ann chun iarracht a dhéanamh leibhéalta a athrú. 'Siad na h-amanta chuí de réir Údaráis na Scoile ná Am Nollag (BI 5), Roimh na Cásca (BI 5), i ndiaidh an tSamhraidh (BI5), i ndiaidh scrúduithe na Samhna (BI 6), i ndiaidh na réamhscrúduithe (BI6) agus ansin braitheann sé ar na cásanna aonarachta (BI6).

Éirí as Abhair: Sa chás go bhfuil níos mó ná 7 n-ábhair ag dalta faoi leith sa séú bhliain bheadh an PhríomhOide toilteanach labhairt le dalta faoi éirí as ábhair. Ní fheadfá CGO a chomhaireamh mar ábhar. D'fhéadfadh sé seo tarlúint más rud é go raibh ábhair breise á dhéanamh ag dalta lasmuigh den scoil.

Nótaí Breise:

- Le cead an Údaráis d'fhéadfadh Roinn áirithe scrúdu mhór a eagrú chun ranganna a dheighilt ag am faoi leith sa tríú, chúigiú nó séú bhliain.
- Chun rang a athrú is i ndiaidh cainte leis na muinteoírí lena mbaineann sé, mar aon leis na foirmeacha chuí, a tharlóidh aon rud.
- Tá bun-fhreagrachas ar an ndalta a chinntiú go bhfuil se/sí curtha isteach le haghaidh na h-ábhair is na leibhéalta cheart.
- Tá bun-fhreagrachas ar an ndalta chun a chinntiú go bhfuil na h-ábhair cheart aige nó aici chun an GCO(LCVP) a dhéanamh don Ardeist.

Dréachtaithe: Méan Fomhair 2012

Athbhreithniú: _____Méan Fomhair 2015_____

Foirmeacha chun leabhéalta a athrú ar fáil ón oifig